



SONRAÍ AN PHOIST

Is post lánaimseartha ar théarma seasta trí bliana é seo, faoi réir maoiniú.

Beidh an té a cheapfar freagrach, faoi stiúir Phríomhfheidhmeannach Gaillimh le Gaeilge, as tacú le comhordú agus le cur i bhfeidhm Phlean Teanga Chathair na Gaillimhe agus as na dualgais seo a leanas, i measc nithe eile:

Beidh an post lonnaithe in Oifig Gaillimh le Gaeilge agus beidh gá le solúbthacht maidir le freastal ar chruinnithe, imeachtaí agus gníomhaíochtaí lasmuigh de ghnáthuaireanta oifige ó am go ham.

Beidh tréimhse phromhaidh i gceist, de réir théarmaí agus choinníollacha fostaíochta Gaillimh le Gaeilge.

CUR SÍOS AR AN bPOST

Beidh an té a cheapfar faoi stiúir Phríomhfheidhmeannach Gaillimh le Gaeilge agus freagrach as tacú le comhordú agus le cur i bhfeidhm Phlean Teanga Chathair na Gaillimhe agus as na dualgais seo a leanas, i measc nithe eile:

- Tacú le cur i bhfeidhm na ngníomhartha agus na dtosaíochtaí atá leagtha amach i bPlean Teanga Chathair na Gaillimhe;
- Caidrimh dhearfacha agus éifeachtacha a chothú agus a fhorbairt le heagraíochtaí pobail agus deonacha, comhlachtaí poiblí, eagraíochtaí Gaeilge agus páirtithe leasmhara eile;
- Smaointe agus tionscnaimh nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun úsáid, feiceálacht agus cur chun cinn na Gaeilge sa chathair a mhéadú;
- Tacú le deiseanna, imeachtaí, tionscadail agus féilte a fhorbairt agus a chur chun cinn a spreagann úsáid na Gaeilge;
- Oibriú i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Foras na Gaeilge, eagraíochtaí pobail, grúpaí Gaeilge agus páirtithe leasmhara eile chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Teanga;

- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le gníomhartha agus spriocanna an Phlean Teanga agus tacú le measúnú a dhéanamh ar a dtionchar;
- Sonraí, eolas agus aiseolas ábhartha a bhailiú agus a chur i láthair chun tacú le monatóireacht agus tuairisciú ar chur i bhfeidhm an Phlean Teanga;
- Tuairiscí, doiciméid, cur i láthair agus ábhar cumarsáide a ullmhú agus a chur i láthair de réir mar is gá;
- Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le comhghleacaithe, páirtithe leasmhara agus baill den phobal, trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla nuair is cuí;
- Tacú le Gaillimh le Gaeilge maidir le tionscnaimh agus tograí a bhaineann le forbairt agus cur chun cinn na Gaeilge;
- Deiseanna maoinithe, comhpháirtíochtaí agus acmhainní eile a aithint agus tacú le hiarratais agus le tograí ábhartha;
- Freastal ar chruinnithe, imeachtaí agus gníomhaíochtaí ábhartha thar ceann Ghaillimh le Gaeilge, de réir mar is gá;
- Oibriú ar bhealach gairmiúil, comhoibríoch agus éifeachtach agus caidreamh dearfach a chothú le gach páirtí leasmhara i gcónaí;
- Aon dualgas réasúnta eile a bhaineann le cuspóirí an phoist a chomhlíonadh, de réir mar a éilíonn Gaillimh le Gaeilge ó am go chéile.

D'fhéadfadh athrú teacht ar na dualgais agus na freagrachtaí sonracha a bhaineann leis an bpost ó am go chéile, de réir riachtanais an róil agus riachtanais Ghaillimh le Gaeilge. Ní athróidh sé sin, áfach, bunús nó leibhéal freagrachta an phoist. Beidh an té a cheapfar freagrach don Phríomhfheidhmeannach, nó don duine a ainmneoidh sí, agus oibreoidh sé/sí faoi stiúir agus faoi threoir Ghaillimh le Gaeilge.

CRITÉIR RIACHTANACHA

1. Gaeilge agus cumarsáid

- Gaeilge líofa, idir labhartha agus scríofa.
- Cumas cumarsáid shoiléir agus éifeachtach a dhéanamh i nGaeilge agus i mBéarla, ó bhéal agus i scríbhinn.
- Scileanna láidre idirphearsanta agus cumarsáide, agus an cumas caidrimh dhearfacha a chothú le réimse leathan daoine.
- Duine féinspreagtha, atá ábalta oibriú as a stuaim féin.

2. Scileanna digiteacha, cruthú ábhair agus na Meáin Shóisialta

- Inniúlacht mhaith i dteicneolaíocht dhigiteach agus sna meáin shóisialta.
- Ábhar digiteach a chruthú agus a chur in eagar, lena n-áirítear físeáin ghearra, grianghraif agus ábhar do na meáin shóisialta.
- Ábhar soiléir, tarraingteach agus oiriúnach do lucht féachana éagsúil a chruthú.

3. Bainistiú tionscadal agus eagrúchán

- Taithí chruthaithe ar thionscadail a phleanáil, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm ó thús deireadh.
- Cumas pleananna oibre soiléire a fhorbairt, tosaíochtaí agus spriocanna a leagan síos, agus a chinntiú go gcuirtear obair i gcrích in am agus ar ardchaighdeán.
- Scileanna láidre eagrúcháin agus bainistithe ama, agus an cumas roinnt tascanna agus spriocdhátaí a bhainistiú go héifeachtach ag an am céanna.

4. Pleanáil teanga agus rannpháirtíocht

- Tionscadail agus tionscnaimh a phleanáil agus a chur i bhfeidhm chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn.
- Oibriú le pobail éagsúla agus le páirtithe leasmhara chun deiseanna don Ghaeilge a aithint agus a fhorbairt.

- Comhairliúcháin agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta a eagrú agus a éascú, agus riachtanais agus tuairimí an phobail a chur san áireamh i bhforbairt na hoibre.
- Dul chun cinn agus torthaí na hoibre a mhonatóiriú, eolas agus sonraí ábhartha a bhailiú, agus tuarascálacha agus nuashonruithe a ullmhú.

5. Taighde, measúnú agus tuairisciú

- Scileanna maithe taighde agus anailíse.
- Sonraí agus eolas ábhartha a bhailiú agus a anailísiú chun torthaí agus tionchar na hoibre a mheas.
- Tuarascálacha, pleananna oibre agus cáipéisí ábhartha eile a ullmhú ar bhealach soiléir agus éifeachtach.

4. Cur chuige oibre agus freagrachtaí

- Cumas oibriú go neamhspleách agus go héifeachtach mar chuid d'fhoireann bheag.
- Tionscnamh a ghlacadh, deiseanna nua a aithint agus smaointe a fhorbairt ina dtionscnaimh phraiticiúla.
- Freagracht a ghlacadh as obair agus í a thabhairt chun cinn go héifeachtach.

6. Ionadaíocht agus comhpháirtíochtaí

- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann Ghaillimh le Gaeilge ar bhealach muiníneach agus gairmiúil.
- Caidrimh dhearfacha a fhorbairt agus a chothú le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara.

CRITÉIR INMHIANAITHE

- Tuiscint ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge i dtimpeallacht uirbeach.
- Tuiscint ar chur chuige pobalbhunaithe agus ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht agus le riachtanais an phobail.
- Taithí ar obair le Comhairle Cathrach nó Contae, comhlachtaí poiblí, gnólachtaí, eagraíochtaí pobail nó eagraíochtaí Gaeilge.
- Taithí mhaith ar a bheith ag obair leis na meáin chumarsáide i nGaeilge agus i mBéarla.
- Is inmhianaithe go mbeadh ceadúnas tiomána iomlán bailí agat.

AN PRÓISEAS IARRATAIS AGUS ROGHNÚCHÁIN

Líonfar an post mar Oifigeach Pleanála Teanga tríd an gcomórtas oscailte seo a fógraíodh go poiblí. Is í Gaillimh le Gaeilge a stiúrfaidh an próiseas earcaíochta agus roghnúcháin.

Ní mór do gach iarratasóir na Ceisteanna Measúnaithe a fhreagairt mar chuid den iarratas. Tá na ceisteanna seo deartha chun tuiscint níos fearr a fháil ar thaithí, ar scileanna agus ar spéis an iarratasóra sa phost agus i gcur chun cinn na Gaeilge. Ní ghlacfar le haon iarratas a gheofar tar éis an dáta deiridh.

Déanfar iarratasóirí a mheas ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil san fhoirm iarratais agus sna Ceisteanna Measúnaithe. Féadfar iarratasóirí a ghearrliostú chun dul ar aghaidh chuig céim an agallaimh.

Tá an ceart ar cosaint ag Gaillimh le Gaeilge incháilitheacht iarratasóirí a mheas agus iarratasóirí a ghearrliostú ar an mbealach a mheasfar is iomchuí, bunaithe ar riachtanais an phoist agus ar an eolas a chuirtear ar fáil san iarratas.

Is próiseas iomaíoch é seo agus, dá bhrí sin, moltar d'iarratasóirí cuntas soiléir, cruinn agus mionsonraithe a thabhairt ar a gcáilíochtaí, a dtaithí agus a n-oiriúnacht don phost.

Ní mór iarratais a chur isteach ar an bhfoirm iarratais atá curtha ar fáil ag Gaillimh le Gaeilge. Má bhíonn aon cheist agat maidir leis an bpost nó leis an bpróiseas iarratais, déan teagmháil le Gaillimh le Gaeilge ag an seoladh ríomhphoist atá luaite san fhógra earcaíochta.

GEARRLIOSTÚ

Déanfar gearrliostú, más gá, ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil san fhoirm iarratais agus sna Ceisteanna Measúnaithe.

Ní chuirfear iarratasóirí ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas ach amháin má chomhlíonann siad na critéir go léir atá leagtha amach don phost.

AGALLAMH

Beidh an t-agallamh bunaithe ar na Critéir Riachtanacha agus na Critéir Inmhianaithe atá leagtha amach don phost mar Oifigeach Pleanála Teanga.

I measc na réimsí a mheasfar beidh:

- Cur i láthair gairid a thabhairt mar chuid den agallamh;
- Líofacht agus cumas cumarsáide sa Ghaeilge agus sa Bhéarla;
- Scileanna digiteacha, cruthú ábhair agus na Meáin Shóisialta;
- Pleanáil teanga agus rannpháirtíocht;
- Bainistiú tionscadal agus eagrúchán;
- Teagmháil agus rannpháirtíocht leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara;
- Comhoibriú agus obair i gcomhpháirtíocht;
- Monatóireacht, measúnú agus tuairisciú.

AN PRÓISEAS EARCAÍOCHTA AGUS PRÍOMHDHÁTAÍ

9 Samhain:

Deireadh leis an tréimhse iarratais

11–12 Samhain:

Gearrliostú

13 Samhain:

An gearrliosta a thabhairt chun críche agus cuirí chun agallaimh a sheoladh

23–24 Samhain:

Agallaimh

25 Samhain:

Teistiméireachtaí agus roghnú deiridh

27 Samhain:

An t-iarrthóir rathúil a dheimhniú

EOLAS BREISE D'IARRATASÓIRÍ

Tá Gaillimh le Gaeilge tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus fáiltíonn sí roimh iarratais ó dhaoine ó gach cúlra.

Ní mór d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil an t-eolas a thugtar ina n-iarratas cruinn agus iomlán. Ní bhreithneofar iarratasóir a thuilleadh má fhaightear amach ag aon chéim den phróiseas go bhfuil faisnéis mhíchruinn, bhréagach nó mhíthreorach curtha ar fáil.

Más rud é nach bhfreastalaíonn iarratasóir ar agallamh ag an am agus san áit a shonraítear, gan socrú eile a dhéanamh roimh ré, féadfar a (h)iarratas a tharraingt siar ón bpróiseas.

Is faoin iarratasóir atá sé a ríomhphost a sheiceáil go rialta le linn an phróisis earcaíochta, lena n-áirítear an fillteán turscair/dramhphoist.

Ní bheidh Gaillimh le Gaeilge freagrach as aon chostais a thabhoídís iarratasóirí i dtaca lena n-iarratas ná lena n-agallamh.

DÁTA DEIRIDH

Ní mór iarratais chomhlánaithe a bheith faighte roimh **5i.n. Dé Luain, 9 Samhain 2026.**

Faigheann Gaillimh le Gaeilge a príomh-mhaoiniú ón Roinn Forbartha Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta tríd an gCrannchur Náisiúnta. Tacaíonn Foras na Gaeilge le Plean Teanga Chathair na Gaillimhe, agus soláthraíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe maoiniú breise freisin. Chomh maith leis sin, tugtar tacaíocht trí scéim CAIRDE, i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe.